RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/711 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Márta 2023

lena nglactar le hiarraidh ar stádas táirgeora onnmhairiúcháin nua i ndáil leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]),

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ([2]), agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas,

A. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) An 13 Bealtaine 2013, trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 412/2013 ón gComhairle ("an Rialachán bunaidh"), d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine a thagann isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an táirge lena mbaineann") ([3]).

(2) An 12 Iúil 2019, tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ("an bun-Rialachán"), chuir an Coimisiún síneadh cúig bliana eile le bearta an Rialacháin bunaidh trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ón gCoimisiún.

(3) An 28 Samhain 2019, tar éis imscrúdú frith-imchéimniúcháin de bhun Airteagail 13(3) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún leasú ar Rialachán (AE) 2019/1198 trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131 ón gCoimisiún ([4]).

(4) Cuireadh sampláil i bhfeidhm san imscrúdú bunaidh chun na táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/1036.

(5) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ón tSín, d'fhorchuir an Coimisiún rátaí dleachta frithdhumpála aonair idir 13,1 % agus 18,3 % ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine. Forchuireadh ráta dleachta 17,9 % ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla, liostaítear iad in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1198 arna leasú le Rialachán (AE) 2019/2131. Thairis sin, forchuireadh ráta dleachta 36,1 % ar bhonn náisiúnta ar earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine ó chuideachtaí sa tSín nár chuir iad féin in aithne nó nár chomhoibrigh leis an imscrúdú.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21).
([2]) IO L 189, 15.7.2019, lch. 8.
([3]) IO L 131, 15.5.2013, lch. 1.
([4]) Treoir (AE) 2019/2121 Ó Pharlaimint Na Heorpa Agus Ón Gcomhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann (IO L 321, 12.12.2019, lch. 139).

(6) De bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1198, féadfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú tríd an ráta dleachta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla, nó nár tugadh cóir aonair dóibh, a dheonú do tháirgeoir onnmhairiúcháin nua, eadhon an meánráta dleachta ualaithe 17,9 %, i gcás inar leor an fhianaise a thugann an táirgeoir onnmhairiúcháin nua sa tSín don Choimisiún maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdúcháin ar a mbunaítear na bearta, is é sin ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011) ("tréimhse an imscrúdúcháin bunaidh");

(b) níl gaol aige le haon cheann de na honnmhaireoirí ná de na táirgeoirí sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear leis an Rialachán bunaidh; agus

(c) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann go hiarbhír chuig an Aontas tar éis dheireadh thréimhse an imscrúdúcháin bunaidh nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas.

B. **IARRAIDH AR STÁDAS TÁIRGEORA ONNMHAIRIÚCHÁIN NUA**

(7) An 12 Lúnasa 2020, chuir Linyi Hongshun Porcelain Co., Ltd. ("Linyi Hongshun" nó "an t-iarratasóir") iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua ("NEPT") dó agus, dá bhrí sin, go mbeadh sé faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha sa tSín nár áiríodh sa sampla, is é sin 17,9 %, agus é ag maíomh gur chomhlíon sé na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1198.

(8) Chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha le go ndeonófaí NEPT dó, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán 2019/1198 ("coinníollacha NEPT"), chuir an Coimisiún ceistneoir ar dtús chuig an iarratasóir inar iarradh fianaise air a léiríonn gur chomhlíon sé coinníollacha NEPT.

(9) Tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfreagra ar an gceistneoir, d'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise agus fianaise thacaíochta, rud a chuir an t-iarratasóir faoina bhráid.

(10) D'fhéach an Coimisiún le gach faisnéis a mheas sé a raibh gá léi a fhíorú chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir coinníollacha NEPT. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach ina fhreagra ar an gceistneoir, rinne sé scrúdú ar roinnt suíomhanna gréasáin, lena n-áirítear suíomh gréasáin an iarratasóra agus Qichacha ([5]), agus rinne sé faisnéis a bhaineann leis an gcuideachta a chros-seiceáil leis an bhfaisnéis a cuireadh isteach i gcásanna roimhe sin. I gcomhthráth, chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas faoin iarraidh ón iarratasóir agus d'iarr sé air barúlacha a thabhairt, i gcás inar ghá. Chuir tionscal an Aontais barúlacha ar fáil maidir leis an iarratas.

(11) An 28 Meán Fómhair 2022, cuireadh an t-iarratasóir ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn a bheartaigh an Coimisiún diúltú dá iarraidh NEPT ar dtús agus tugadh deis don iarratasóir a bharúil a thabhairt ina leith.

(12) An 17 Deireadh Fómhair 2022, sholáthair an t-iarratasóir tuilleadh faisnéise maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(b). Mar thoradh air sin, rinneadh anailís bhreise ar cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll sin, mar a shonraítear in aithrisí (14)-(17) thíos.

C. **ANAILÍS AR AN IARRAIDH**

(13) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán 2019/1198, is é sin nár onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdúcháin bunaidh, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdúcháin gur chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll sin. Bunaíodh gnó an iarratasóra in 2004. Le linn thréimhse an imscrúdúcháin bunaidh, bhí an táirge lena mbaineann á tháirgeadh ag an iarratasóir agus á dhíol leis an margadh náisiúnta agus le tíortha nach bhfuil san Aontas. Chuir an t-iarratasóir mórleabhar díolacháin ar fáil maidir le tréimhse an imscrúdúcháin bunaidh, agus tugadh le fios leis sin nach raibh ach díolacháin náisiúnta ann le linn na tréimhse sin.

([5]) Is bunachar sonraí príobháideach brabúsach atá faoi úinéireacht na Síne é Qichacha a sholáthraíonn sonraí gnó, faisnéis chreidmheasa, agus anailísíocht do thomhaltóirí nó do ghairmithe maidir le cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí atá bunaithe sa tSín.

(14) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(b) de Rialachán (AE) 2019/1198 nach bhfuil gaol ag an iarratasóir le haon onnmhaireoir ná táirgeoir atá faoi réir na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear leis an Rialachán bunaidh, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdúcháin go raibh gaol ag an iarratasóir le honnmhaireoir Síneach, Linyi Goldfuture. Suíodh freisin gur onnmhairigh Linyi Goldfuture an táirge lena mbaineann chuig an Aontas tar éis thréimhse an imscrúdúcháin bunaidh.

(15) Mar sin féin, tar éis barúlacha a fháil tar éis an nochta, suíodh san imscrúdú freisin gur thrádálaí í an chuideachta Linyi Goldfuture agus nach raibh baint aici le haon táirgeoir ná táirgeoir onnmhairiúcháin seachas an t-iarratasóir. Is táirgeoir Síneach neamhghaolmhar é a tháirg an táirge lena mbaineann, táirg a d'onnmhairigh Linyi Goldfuture chuig an Aontas. Thairis sin, bunaíodh Linyi Goldfuture i mí Lúnasa 2012, is é sin tar éis thréimhse an imscrúdúcháin bunaidh. Ar an mbonn sin, shuigh an Coimisiún nach bhfuil gaol ag an Iarratasóir le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na dleachta agus a d'fhéadfadh comhoibriú leis an imscrúdú bunaidh. Dá bhrí sin, chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll sin.

(16) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(c) de Rialachán (AE) 2019/1198, gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge iarbhír chuig an Aontas tar éis thréimhse an imscrúdúcháin bunaidh nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdúcháin gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge chuig an Aontas tar éis thréimhse an imscrúdúcháin bunaidh. Chuir an t-iarratasóir isteach malartuithe ríomhphoist le cliant de chuid an Aontais, sonraisc *pro forma* agus sonraisc tráchtála, liostaí pacála, billí luchta, foirm dearbhaithe custaim agus admhálacha íocaíochta le haghaidh orduithe éagsúla a rinne cuideachtaí atá lonnaithe san Aontas idir 2017 agus 2020. Dá bhrí sin, comhlíonann an t-iarratasóir an coinníoll sin.

(17) Dá réir sin, comhlíonann an t-iarratasóir gach ceann de na trí choinníoll chun go ndeonófar NEPT dó, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán 2019/1198 agus ba cheart, dá bhrí sin, glacadh leis an iarraidh. Dá réir sin, ba cheart an t-iarratasóir bheith faoi réir dleacht frithdhumpála 17,9 % le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla le linn an imscrúdúcháin bunaidh.

D. **NOCHTADH**

(18) Cuireadh an t-iarratasóir agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn a measadh gurbh iomchuí an ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla den imscrúdú bunaidh a dheonú don iarratasóir.

(19) Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach faoin 28 Meán Fómhair 2022. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach mar a shonraítear in aithris (12), agus i bhfianaise gur onnmhaireoir é Linyi Goldfuture seachas táirgeoir, rud a suíodh tar éis na chéad tréimhse imscrúdúcháin, d'áitigh an t-iarratasóir nach raibh tionchar ag an ngaol idir é féin agus Linyi Goldfuture ar na torthaí faoin dara coinníoll NEPT. I bhfianaise an athraithe ar na torthaí, thug an Coimisiún an deis do Pháirtithe barúlacha a chur isteach maidir le doiciméad athbhreithnithe maidir le nochtadh ginearálta. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(20) Tá an Rialachán i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2131, cuirtear an chuideachta seo a leanas le liosta na gcuideachtaí comhoibríocha nach n-áirítear sa sampla:

Cuideachta	Cód breise TARIC
"Linyi Hongshun Porcelain Co., Ltd.	899C"

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN